

# AN ROINN DLÍ, CIRT AGUS COMHIONANNAIS

## COMÓRTAS AISTE 'DUINE COSÚIL LIOMSA'

### ACMHAINN AGUS PLEAN CEACHTA BUNSCOILE

Forbraíodh an acmhainn seo chun cabhrú le seachadadh oideachas forbartha sa seomra ranga bunskoile agus le hiontrálacha i gcomórtas Aiste na mBunskoileanna an Roinn Dlí, Cirt agus Comhionannais a spreagadh.

#### FEIDHM AN CHEACHTA SEO

- Eolas agus tuiscint an dalta ar chineálacha míchumais a fhorbairt
- Difríocht i measc daltaí agus an slí ina fhoghlaimíonn gach dalta a cheiliúradh
- Smaointeoireacht chriticiúil, ionbhá agus smaointeachas ar shaincheisteanna míchumais a chur chun cinn
- Daltaí a spreagadh an téama 'Duine cosúil liomsa' a ghlacadh agus é seo a chur in iúl go cruthaitheach i bhfoirm aiste, aighneachtaí fuaimne nó físeáin do chomórtas Bhunskoileanna an Roinn Dlí, Cirt agus Comhionannais
- Spraio a bheith acu trí fhoghlaim idirghníomhach!

---

#### CEAHT 1

---

**Straitéis Mhúinteoireachta:** plé, ráiteas neamhiata

**Cuspóir:** le cur ar chumas na ndaltaí eolas cruinn a fháil maidir le sainmhíniú, leitheadúlacht agus bunús mhíchumais in Éirinn

#### CÉIM 1

**Sainmhíniú ar riachtanais speisialta oideachais<sup>1</sup>:**

Ciallaíonn "Riachtanais Speisialta Oideachais", maidir le duine, sriantacht i gcumas an duine páirt a ghlacadh in agus tairbhe a bhaint as oideachas mar gheall ar mhíchumas fisiciúil, céadfach, meabhairshláinte nó foghlamtha, nó aon riocht eile a chiallaíonn go bhfoghlaimíonn duine ar shlí dhifriúil ná duine eile gan an riocht sin.

**Leitheadúlacht mhíchumais:**

---

<sup>1</sup> an tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Orthu 2004

Tá 595,000 (13%) duine faoi mhíchumas go neasach<sup>2</sup> in Éirinn. As an méid sin tá 53,000 ina leanaí faoi 15 bliain d'aois

### **Fáthanna míchumais**

Beirtear roinnt daoine le míchumas mar gheall ar chúis ghéiniteach. Tá daoine eile faoi mhíchumas mar gheall ar fhadhbanna ag am breithe, breoiteacht nó timpiste sa luath óige

## **CÉIM 2**

Cuir ceist ar na daltaí i mbeirteanna liosta a dhéanamh de na focail a chuala siad chun daoine faoi mhíchumas a aithint. Cuir ceist ar gach péire a gcuid torthaí a thuairisciú don rang, agus déanann an muinteoir taifead de ar an gclár bán.

Mínigh do na daltaí go n-iarann daoine faoi mhíchumais go mbaintear úsáid as teanga cuí nuair a táthar ag cur síos ar mhíchumas. Déan idirdhealú idir na cineálacha éagsúla míchumais.

Cuir an méid seo a leanas in iúl don rang:

- Ná aithin daoine mar gheall ar a míchumas amháin riamh, in ionad é sin deir 'duine faoi mhíchumas'
- Seachain úsáid 'fulaingíonn siad le míchumas'
- Ná bain úsáid as an bhfocal 'éalangach'
- Tagair dóibh siúd nach bhfuil faoi mhíchumas mar 'dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas' in áit 'ghnáthdhuine'
- Ná bain úsáid riamh as focail a léiríonn barúlacha diúltacha

## **CÉIM 3**

Ag baint úsáide as múnla tobsmaointeoireachta: déan plé agus liosta de na rudaí ar mhaith le do dhaltaí a imirt ag am lóin agus ina n-am breise. Taispeáin cosúlachtaí agus difríochtaí sa liosta.

---

## **CEAHT 2**

---

**Straitéis Mhúinteoireachta:** Plé

**Cuspóir:** Dífríocht i measc daltaí agus conas a bhíonn a éifeacht dearfach féin ag gach duine ar an sochaí a cheiliúradh

---

<sup>2</sup> An Phríomh-Oifig Staidrimh, Daonáireamh 2011, Próifíl 8: Ár mBille Sláinte

**Ábhar múinteoireachta:** leabhair léiriúcháin ag díriú ar charachtar linbh ficseanúil atá faoi mhíchumas (leabhar oiriúnach le roghnú ag an múinteoir chun próifíl aoise an ranga a léiriú). Cuimsíonn moltaí:

- ‘Looking after Louis’ ag Lesley Ely
- ‘The Bravest Boy I Ever Knew’ ag Lisa Eichlin
- ‘Trueman Bradley: Aspie Detective’ ag Alexei Maxim Russell
- ‘Thank you - Mr Falker’ ag Patricia Polacco
- ‘A Boy and A Jaguar’ ag Alan Rabinowitz
- ‘Dad and Me in the Morning’ ag Patricia Lakin

### **CÉIM 1**

- Léigh ‘Looking after Louis’ (nó leabhar cosúil) os ard don rang. Is é ábhar ‘Looking after Louis’ ná buachaill le huathachas.
- Bíodh plé oscailte agus macánta faoi athfhriotail sonraithe nó ceacht foghlamtha ón scéal .i. athfhriotail ó ‘Looking after Louis’ – ‘Is dóigh liom gur féidir linn na rialacha a shárú do dhaoine speisialta’

### **CÉIM 2**

- Cuir daltaí i ngrúpaí beaga agus inis dóibh pictiúirí a tharraingt den mhéid a d’fhéadfadh leo a mheas a bheith ‘cóir speisialta’ ach atá richtanach i ndáiríre do roinnt daltaí (nó ceacht cuí léirithe ó do leabhar roghnaithe)
- Cuir i gcuimhne do dhaltaí gur bheag nach ‘ndearna Louis meangadh gáire’ nuair a thugtar moladh dó. Cuir i gciorcail na daltaí agus inis dóibh moladh a thabhairt don dalta taobh leo chun meangadh gáire a chur orthu (nó comhartha cuí ó do leabhar roghnaithe)

### **CÉIM 3**

- Spreag na daltaí ceisteanna a chur maidir leis an leabhar agus i dtaobh dhaoine atá faoi mhíchumas

---

### **CEAHT 3**

---

**Stráitéis Mhúinteoireachta:** plé, praiticiúil

**Cuspóir:** Chun cabhair a thabhairt do dhaltaí téama an chomórtais ‘Duine cosúil liomsa’ a thuiscint níos fearr agus cúnaimh a thabhairt dóibh lena n-aighneacht iontrála ‘Aiste, Físeán, Fuaim’ don chomórtas

**Téama:** Duine cosúil liomsa

Déanann an téama ‘Duine Cosúil Liomsa’ ceiliúradh ar aonánacht gach dalta. Cé go roinnimid comhshuimeanna lenár gcomhpháirtithe, ar nós páirt a ghlacadh i gceachtanna scoile, spóirt agus gníomhaíochtaí sóisialta, nuair atáthar ag glacadh páirte sna gníomhaíochtaí seo, tá ár ndóigh leithleach féin againn ar fad le rudaí a dhéanamh, ag cuimsiú conas a fhoghlaimid, ár n-idirghníomhaíocht imeartha agus conas a dhéanaimid cumarsáid lena chéile. D’fhéadfadh le ‘Máire’ a bheith ar an duine is fearr sa rang ó thaobh ealaíne de ach aimsíonn ‘Seán’ cúl an bhua don fhoireann i gcónaí agus insíonn ‘Siobhán’ na jócanna is greannmhara. Inár ndomhain, foghlaimid ar fad rudaí ar shlite difriúla agus d’féadfadh go mbeadh suimeanna neamhchosúla againn agus is é atá i gceist leis an gcomórtas seo ná glacadh leis go bhfuil gach duine píosa beag difriúil. ‘Duine cosúil liomsa – saintréitheach agus tallannach inár ndóigh féin.

### **CÉIM 1**

- Déan óstáigh ar phlé oscailte faoina bhfuil i gceist leis an téama ‘Duine cosúil liomsa’, cad a chiallaíonn sé agus spreag an rang cuimhneadh ar smaointe
- Tabhair muinín do na daltaí páirt a ghlacadh i gcomhrá agus cuir ceisteanna orthu faoina gciall ar an téama

### **CÉIM 2**

- Cuir na foirmeacha éagsúla aighneachtaí i láthair do na daltaí: aiste (200 focal) nó físeán nó gearrthóg fuaimne de suas go 5 nóiméad ar fhad agus mínigh céimeanna pleanála gach ceann acu:
  - Aiste a scríobh agus a chur in eagar
  - Gearrthóg fhíseáin a scannánú agus a chur in eagar
  - Gearrthóg fhuaimne a thairfead agus a chur in eagar

### **CÉIM 3**

- Chun an méid a d’fhoghlaim na daltaí a chomhdhlúthú, is féidir leo aiste, aighneacht fhíseáin nó fuaimne a chruthú anois faoin téama “Duine Cosúil Liomsa”. Déan plé ar smaointe na ndaltaí leo agus conas is féidir leo a samhlaíocht a úsáid chun smaoinneamh ar cad ba mhaith leo a rá
- Mínigh go mbeidh aiste, físeán nó gearrthóg fhuaimne amháin (ó gach scoil) iontráilte i gcomórtas Aiste na mBunscoileanna an Roinn Dlí, Cirt agus Comhionannais agus d’fhéadfadh go mbeadh seans acu duaiseanna iontacha a bhua agus an deis freastal ar an eachtra deiridh i mBaile Átha Cliath go luath i mí na Nollag

Chun tuilleadh eolais a fháil ar chomórtas Aiste Bhunscoileanna an Roinn Dlí, Cirt agus Comhionannais, sonraí iontrála, spriocdhátaí agus duaiseanna, tabhair cuairt ar [www.primaryschoolscompetition.com](http://www.primaryschoolscompetition.com)